Coimisiún na Meán

# An Scéim um Chlaochlú Digiteach Ceisteanna Coitianta

Dáta foilsithe: 14 Deireadh Fómhair 2025

# SCD – Ceisteanna Coitianta agus Freagraí


An bhfuil mo chuideachta incháilithe? ..... 3

Cá fhad atá an cistiú bailí tar éis glacadh leis? ..... 3

Cad is brí le 'inrochtaineacht a chur chun cinn' go praiticiúil? ..... 3

Cén leibhéal mionsonraithe is gá don Phlean um Chlaochlú Digiteach? ..... 3

Má tá cistiú Fuaime agus Físe faighte agam le Coimisiún na Meán, an bhféadfadh sé seo difear a dhéanamh do mo chistiú faoi rialacha De Minimis? ..... 3

An bhfuil teorainn le conradh amháin a dhámhtar in aghaidh an chontae amhail tuairisciú cúirte (STC) agus scéimeanna daonlathais áitiúil (SDÁ)? ..... 3

An féidir níos mó ama a thabhairt chun iarratas a dhéanamh? ..... 4

Cén uair a bhfuil tú ag súil go bhfoilseofar torthaí na n-iarratas? ..... 4

Cad faoi luachana trealaimh? B'fhéidir nach mbeidh roinnt praghsanna/luachana le haghaidh crua-earraí cruinn faoin am a ndéanfar an cinneadh? ..... 4

Tá 10 gcuspóir ag an SCD - an scórálann tú marc níos airde má chuireann do thogra tic leis níos mó bosca/na boscaí uile? ..... 4

An féidir linn tionscadal ábhair a chur isteach ach breac-chuntas a thabhairt ar an gcistiú caipitil a theastaíonn chun an tionscadal sin a chruthú agus buiséad a thugann breac-chuntas díreach ar chostais a bhaineann le hoiliúint agus trealamh etc. chun an tionscadal a sheachadadh? ..... 4

An féidir liom iarratas a dhéanamh mar eagraíocht ionadaíoch? ..... 4

An trealamh TF amháin atá i gceist nó an féidir costais oiriúnach/suiteála a chur san áireamh? ..... 5

Ar cheart don Phlean um Chlaochlú Digiteach tréimhse shonrach ama a chumhdach, i.e. 1 bhliain, 3 bliana etc? ..... 5

An gceanglaítear le Cúnamh Stáit De Minimis ar an iarratasóir an ciste a mheaitseáil? ..... 5

Conas a dhéantar pointí a dhámhachtain ag Céim an Mheasúnaithe? ..... 5

An bhfuil dáta tosaithe socraithe ann do thionscadail? ..... 5

Má tá roinnt tionscadal á gcur isteach agat, ar chóir iad sin a chur ar iarratais aonair nó ar iarratais ar leithligh? ..... 5

An bhfuil uasteorainn ar chistiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine ar fáil d'eagraíocht meán amháin? ..... 5

Ar cheart mo chostas buiséid a bheith eisiata ó CBL, nó ar cheart CBL a bheith san áireamh ann? ..... 6

## An bhfuil mo chuideachta incháilithe?

Tá na Critéir Incháilitheachta leagtha amach i Roinn 4.3 de dhoiciméad na Scéime um Chlaochlú Digiteach (SCD). Féadfaidh tú teacht ar shonraí iomlána na SCD lena n-áirítear Doiciméad na Scéime agus Treoir d'Iarratasóirí ar ár láithreán gréasáin ag an nasc seo a leanas: An Scéim um Chlaochlú Digiteach - Coimisiún na Meán

## Cá fhad atá an cistiú bailí tar éis glacadh leis?

Beidh an tairiscint chistithe bailí ar feadh 12 mhí.

## Cad is brí le 'inrochtaineacht a chur chun cinn' go praiticiúil?

Tá inrochtaineacht ar cheann de chuspóirí na Scéime ina luaitear: Inrochtaineacht: Tacú le hoiliúint inrochtaineachta digití agus feabhas a chur ar an teicneolaíocht chun gnéithe amhail tras-scríobh, ateangaireacht téacs-go-hurlabhra agus ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) a ionchorprú chun inrochtaineacht a chur chun cinn. Tá tuilleadh faisnéise agus treorach ar Inrochtaineacht Dhigiteach le fáil in Aguisín 4 den Treoir d'Iarratasóirí.

## Cén leibhéal mionsonraithe is gá don Phlean um Chlaochlú Digiteach?

Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas soiléir sa Phlean um Chlaochlú Digiteach ar thogra foriomlán an tionscadail, lena n-áirítear spriocanna agus garspriocanna. Ba cheart scála an tionscadail a léiriú go hiomchuí sna mionsonraí a chuirtear ar fáil. Féadfaidh tú teacht ar shonraí iomlána na SCD lena n-áirítear Doiciméad na Scéime agus an Treoir d'Iarratasóirí ina dtugtar breac-chuntas ar na critéir Mheasúnaithe ar ár láithreán gréasáin ag an nasc seo a leanas: An Scéim um Chlaochlú Digiteach - Coimisiún na Meán

## Má tá cistiú Fuaime agus Físe faighte agam le Coimisiún na Meán, an bhféadfadh sé seo difear a dhéanamh do mo chistiú faoi rialacha De Minimis?

Ní fheidhmíonn an Scéim Fuaim agus Fís (F&F) faoi Státchabhair De Minimis agus dá bhrí sin ní imríonn aon chistiú a fhaightear maidir le F&F tionchar ar iarratas ar chistiú De Minimis.

## An bhfuil teorainn le conradh amháin a dhámhtar in aghaidh an chontae amhail tuairisciú cúirte (STC) agus scéimeanna daonlathais áitiúil (SDÁ)?

Níl teorainn in aghaidh an chontae. Ceann de chuspóirí na Scéime is ea 'Iolracht: Cumas agus gníomhaíocht dhigiteach a spreagadh agus a mhéadú ar fud raon éagsúil foinsí agus ar an gcaoi sin, tírdhreach meán athléimneach agus ionadaíoch a chur chun cinn in Éirinn." Cuirtear iolrachas san áireamh le linn chéim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil, agus féadfaidh tú teacht ar shonraí iomlána na SCD lena n-áirítear Doiciméad na Scéime agus an Treoir d'Iarratasóirí ina dtugtar breac-chuntas ar na critéir Mheasúnaithe ar ár láithreán gréasáin ag an nasc seo a leanas: An Scéim um Chlaochlú Digiteach - Coimisiún na Meán

## An féidir níos mó ama a thabhairt chun iarratas a dhéanamh?

Ní mór an pacáiste moltaí a dhaingniú, agus ní mór cistiú státchiste a leithdháileadh in 2025. Dá bhrí sin, is é an dáta deiridh d'iarratais ná 5 pm Dé hAoine 24 Deireadh Fómhair 2025 chun feidhmiú iomlán na scéime a cheadú.

## Cén uair a bhfuil tú ag súil go bhfoilseofar torthaí na n-iarratas?

Fógrófar torthaí na n-iarratas a luaithe is féidir go déanach in 2025/go luath in 2026.

## Cad faoi luachana trealaimh? B'fhéidir nach mbeidh roinnt praghsanna/luachana le haghaidh crua-earraí cruinn faoin am a ndéanfar an cinneadh?

Caithfidh trealamh a cheannaítear faoin Scéim cistiúcháin seo a sholáthar i gcomhréir le cleachtais chaighdeánacha soláthair ghnó, rud a chinntíonn trédhearcacht, luach ar airgead agus comhlíonadh na rialachán soláthair phoiblí is infheidhme. Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil gach caiteachas atá beartaithe incháilithe faoi threoirlínte na scéime agus a léiriú go léiríonn costas iomlán an tionscadail luach maith ar airgead. Ní mór d'iarratasóirí nótaí buiséid mionsonraithe cruinne a sholáthar a bhaineann leis na costais uile sa bhuiséad a chuirtear isteach in éineacht lena n-iarratas. Cuirfear na nótaí buiséid seo san áireamh le linn chéim an mheasúnaithe cháilíochtúil agus dá mhéad sonraí a chuirfear ar fáil, is ea is úsáidí a bheidh siad do mheasúnóirí. Má éiríonn leo, déanfar cistiú a dhámhachtain ar iarratasóirí bunaithe ar na mionsonraí a chuirtear ar fáil sa bhuiséad ag céim an iarratais.

## Tá 10 gcuspóir ag an SCD - an scórálann tú marc níos airde má chuireann do thogra tic leis níos mó bosca/na boscaí uile?

Ní cheanglaítear ar iarratasóirí gach ceann de na 10 gcuspóir scéime a chomhlíonadh ach ba cheart dóibh cuspóirí na scéime a bhfuil a dtogra ag teacht leo a léiriú go soiléir. Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir mheasúnaithe iomlána sa Treoir d'Iarratasóirí.

## An féidir linn tionscadal ábhair a chur isteach ach breac-chuntas a thabhairt ar an gcistiú caipitil a theastaíonn chun an tionscadal sin a chruthú agus buiséad a thugann breac-chuntas díreach ar chostais a bhaineann le hoiliúint agus trealamh etc. chun an tionscadal a sheachadadh?

Ní chistíonn an Scéim um Chlaochlú Digiteach táirgeadh ábhair ná costais táirgthe ghaolmhara. Níor cheart tionscadail a bhaineann le hábhar a chur faoi bhráid ba SCD. Ba chóir duit do thogra a ailíniú le cuspóirí na scéime agus ní le tionscadal ábhair.

## An féidir liom iarratas a dhéanamh mar eagraíocht ionadaíoch?

Ní mór d'iarratasóirí ar an Scéim a bheith ina soláthraithe rialáilte seirbhíse meán. Tá na Critéir Incháilitheachta leagtha amach ina n-iomláine i Roinn 4.3 de dhoiciméad na Scéime um Chlaochlú Digiteach (SCD). Féadfaidh tú teacht ar shonraí iomlána na SCD lena n-áirítear Doiciméad na Scéime agus Treoir d'Iarratasóirí ar ár láithreán gréasáin ag an nasc seo a leanas: An Scéim um Chlaochlú Digiteach - Coimisiún na Meán

## An trealamh TF amháin atá i gceist nó an féidir costais oiriúnach/suiteála a chur san áireamh?

Féadfar costais amhail suiteáil, a léirítear go soiléir mar chostais atá riachtanach chun an togra maidir le Claochlú Digiteach a sheachadadh, a áireamh. Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil gach caiteachas atá beartaithe incháilithe faoi threoirlínte na scéime agus a léiriú go léiríonn costas iomlán an tionscadail luach maith ar airgead. Ní mór d'iarratasóirí nótaí buiséid mionsonraithe a sholáthar a bhaineann leis na costais uile sa bhuiséad a chuirtear isteach in éineacht lena n-iarratas. Ar cheart don Phlean um Chlaochlú Digiteach tréimhse shonrach ama a chumhdach, i.e. 1 bhliain, 3 bliana etc?
Má éiríonn leis, ba cheart go mbeadh do thogra réidh le tosú, ach níor cheart go mbeadh sé tosaithe cheana féin roimh fhorghníomhú an chonartha agus ar feadh tréimhse 1 bhliain ó thosach an tionscadail.

## An gceanglaítear le Cúnamh Stáit De Minimis ar an iarratasóir an ciste a mheaitseáil?

Má roghnaíonn tú Di Minimis mar an sásra státchabhrach is infheidhme ar do thionscadal, is é an t-uasmhéid is féidir leat iarratas a dhéanamh air ná suas le €100,000 agus féadfar suas le 100% de chostais incháilithe do thogra a chistiú. Níl cistiú meaitseála ábhartha do Státchabhair De Minimis, ach tá feidhm ag critéir dhochta eile maidir le Státchabhair. Le linn an phróisis iarratais, iarrfar ort freisin aon Chúnamh Di Minimis a fuair do chuideachta le trí bliana anuas a dhearbhú agus má éiríonn leat, iarrfar ort dearbhú dlíthiúil ina dhiaidh sin a shíniú. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dá Shásra Státchabhrach, féach an Treoir d'Iarratasóirí.

## Conas a dhéantar pointí a dhámhachtain ag Céim an Mheasúnaithe?

Leagtar amach an próiseas Measúnaithe agus an Mhaitrís Scórála ábhartha go hiomlán sa Treoir d'Iarratasóirí.

## An bhfuil dáta tosaithe socraithe ann do thionscadail?

Ní mór gach togra a chuirtear faoi bhráid an SCD a bheith réidh le tosú ach níor cheart tús a bheith curtha leo cheana féin roimh fhorghníomhú an chonartha.

## Má tá roinnt tionscadal á gcur isteach agat, ar chóir iad sin a chur ar iarratais aonair nó ar iarratais ar leithligh?

Ós rud é go ndéantar iarratais a mheas i gcoinne chritéir na Scéime ar a bhfiúntas féin agus toisc go bhféadfadh buiséid a bheith éagsúil do gach togra bheadh sé oiriúnach iarratais ar leith a úsáid do gach ceann de na tionscadail atá beartaithe agat, fad is gur tionscadail ar leith iad mar nár chóir go mbeadh aon fhorluí nó dúbailt tionscadal ann thar iarratais iomadúla.

## An bhfuil uasteorainn ar chistiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine ar fáil d'eagraíocht meán amháin?

I ndoiciméad na Scéime (Cuid 5 Cistiú agus 5.3 Uaschéatadán den Chistiú atá ar fáil) tugtar breac-chuntas ar na huastairseacha deontais atá ar fáil tríd an SCD faoin Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.

Féadfaidh tú teacht ar shonraí iomlána na SCD lena n-áirítear Doiciméad na Scéime agus Treoir d'Iarratasóirí ar ár láithreán gréasáin ag an nasc seo a leanas: An Scéim um Chlaochlú Digiteach - Coimisiún na Meán

## Ar cheart mo chostas buiséid a bheith eisiata ó CBL, nó ar cheart CBL a bheith san áireamh ann?

Ní mór míreanna líne sa Bhuiséad a chur isteach gan CBL a áireamh mura bhfuil an t-iarratasóir cláraithe le haghaidh CBL. Ní féidir CBL a chur san áireamh ach amháin sa chás gur costas neamh-inasbhainte é CBL don iarratasóir. Má tá tú cláraithe le haghaidh CBL, ba cheart gach mír líne sa bhuiséad a ionchur gan CBL a áireamh. MURA bhfuil tú cláraithe le haghaidh CBL, féadfaidh tú costas an CBL a áireamh sa mhír líne. Ní mór an réasúnaíocht maidir le CBL a áireamh (móide ráta a ghearrtar) a leagan amach i do nótaí buiséid. Ceanglaíonn an Coimisiún ar iarratasóirí ar éirigh leo stádas soiléir imréitigh cánach a bheith acu le Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann